lmetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education and Training Board

# RÁITEAS BEARTAIS MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS 2024

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, is é beartas Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí a chinntiú, a mhéid is indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas na gcomhaltaí foirne go léir agus scoláirí/foghlaimeoirí, cuairteoirí, conraitheoirí agus daoine eile ag an Scoil/Coláiste/Ionad seo a chosaint ó ghortú agus ó dhrochshláinte a eascraíonn as aon ghníomhaíocht oibre.

Chun an beartas seo a chur i bhfeidhm go rathúil teastaíonn tacaíocht iomlán agus comhoibriú gníomhach ó bhaill foirne, conraitheoirí agus scoláirí uile sa Scoil/Coláiste/Ionad seo.

Tá oibleagáid dhlíthiúil ar gach fostaí cúram réasúnach a ghlacadh as a ghníomhartha nó a neamhghníomhartha.

Aithnítear gur ceanglais reachtacha iad aithint guaiseacha, measúnú riosca agus bearta rialaithe a chaithfidh an fostóir a dhéanamh chun sábháilteacht, sláinte agus leas na gcomhaltaí foirne go léir a chinntiú.

Geallann Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí, mar fhostóir, a mhéid is indéanta le réasún:

(a) caighdeáin um shábháilteacht, sláinte agus leas a chomhlíonann forálacha agus ceanglais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus reachtaíocht, caighdeáin agus cóid chleachtais ábhartha eile a chur chun cinn;
(b) faisnéis, oiliúint, treoir agus maoirseacht a sholáthar nuair is gá, le cur ar chumas na gcomhaltaí foirne a gcuid oibre a dhéanamh go sábháilte agus go héifeachtach;
(c) spéis leanúnach a choinneáil i gcúrsaí sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le gníomhaíochtaí na scoile/an choláiste/an ionaid;
(d) an córas atá i bhfeidhm maidir le sábháilteacht agus sláinte ceirde a bhainistiú go leanúnach agus é a athbhreithniú go tréimhsiúil lena chinntiú go bhfanfaidh sé ábhartha, iomchuí agus éifeachtach ;
(e) dul i gcomhairle leis an bhfoireann ar ábhair a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair;
(f) na hacmhainní riachtanacha a sholáthar chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach duine a bhfuil dualgas cúraim aige ina leith a chinntiú, lena n-áirítear comhaltaí foirne, scoláirí/foghlaimeoirí/conraitheoirí agus cuairteoirí.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí tiomanta do ról gníomhach a bheith aige i gcur i bhfeidhm an bheartais sábháilteachta agus sláinte ceirde seo agus geallann sé é a athbhreithniú i bhfianaise athruithe sa reachtaíocht, sa taithí agus i bhforbairtí ábhartha eile.

**Sínithe:** Martin G. O'Brien   **Dáta:** 02/02/2024

**Martin G. O'Brien, Príomhfheidhmeannach**
**Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí**

**Ainm na Scoile/an Choláiste/an Ionaid:** ____________________

**Síniú:** ____________________   **Dáta:** ____________

**Príomhoide/Stiúrthóir/Comhordaitheoir**